



COMMUNIQUÉ

An 5^a cruinniú Aireachta den earnáil oibre Teangacha Dúchasacha, Mionlaigh agus Neamhforleathana 21/22 Samhain 2019

Thionóil earnáil oibre Teangacha Dúchasacha, Mionlaigh agus Neamhforleathana Chomhairle na Breataine-na hÉireann an cúigiú cruinniú Aireachta dá cuid inniu, rud ar óstáil Rialtas Oileán Mhanann é. Ag gníomhú dó thar ceann Rialtas Oileán Mhanann, chuir Graham Cregeen MHK, an tAire um Oideachas, Spórt agus Cultúr, fáilte roimh na hAirí eile chuig an ócáid.

Cuireadh Comhairle na Breataine-na hÉireann ar bun sa bhliain 1999. Is fóram í inar féidir leis na baill den Chomhairle plé a dhéanamh ar na dianiarrachtaí is fearr chun teacht ar chomhaontú faoi chomhar ar nithe leasa fhrithpháirtigh a thagann faoi inniúlacht Bhall-Údaráis Riaracháin na Comhairle, dul i ndáil chomhairle faoi na dianiarrachtaí sin agus úsáid a bhaint astu. Tá an earnáil oibre Teangacha Dúchasacha, Mionlaigh agus Neamhforleathana faoi stiúir ag Rialtas na Breataine Bige agus, ó bunaíodh í, chruthaigh an earnáil oibre a bheith ina fóram cuiditheach uathúil le haghaidh malartú fianaise agus comhar praiticiúil a éascú. Díródh ar thrí phríomhthopaic ag an gcruinniú inniu, ba iad sin: Foghlaim Teangacha Dúchasacha, Mionlaigh agus Neamhforleathana i measc na nAosach; Pleanáil Fórsa Saothair; agus Úsáid Shóisialta Teangacha Dúchasacha, Mionlaigh agus Neamhforleathana, lena n-áirítear trí na healaíona agus tríd an teicneolaíocht dhigiteach.

Bhí an cruinniú faoi chathaoirleacht ag Eluned Morgan AM, an tAire um Chaidreamh Idirnáisiúnta agus Breatnais i Rialtas na Breataine Bige. Rinne Graham Cregeen

BIC OIFIGIÚIL

MHK, an tAire um Oideachas, Spórt agus Cultúr, ionadaíocht do Rialtas Oileán Mhanann ag an gcrúinniú. Rinne Seán Kyne TD, Príomh-Aoire an Rialtais agus Aire Stáit don Ghaeilge, don Ghaeltacht agus do na hOileáin, ionadaíocht do Rialtas na hÉireann. Rinne Kate Forbes MSP, an tAire um Airgeadas Poiblí agus an Geilleagar Digiteach, ionadaíocht do Rialtas na hAlban. Rinne an Teachta Montfort Tadier, Aire Cúnta um Fhorbairt Gheilleagrach, Turasóireacht, Spórt agus Cultúr, ionadaíocht do Rialtas Gheirsí. Rinne an Teachta Rhian Tooley, Comhalta den Choiste um Oideachas, Spórt agus Cultúr, ionadaíocht do Rialtas Gheansaí.

Comhdháil na dTeangacha Dúchasacha, Mionlaigh agus Neamhfhorleathana 2018 agus an Tuarascáil ar an gComhdháil

Rinne na hAirí plé ar an tuarascáil a d'eascair as an gcomhdháil dar teideal 'Foghlaim Teangacha Dúchasacha, Mionlaigh agus Neamhfhorleathana i measc na nAosach', rud a bhí ar siúl i mBéal Feirste an 8/9 Márta 2018. Díriodh go príomha lena linn ar fhoghlaim na dteangacha sin i measc na n-aosach agus ar na naisc atá ann leis an bpobal, leis an áit oibre agus leis an tsochaí i gcoitinne. Is nithe iad sin a bhaineann le trí thopaic na hearnála oibre. Thug na cainteoirí aghaidh ar leith ar shaincheisteanna amhail foghlaim teangacha lasmuigh de shuíomhanna traidisiúnta seomra ranga agus an ról a imríonn teangacha i gcomhtháthú pobail a chothú. D'fhreastail thart ar 75 dhuine de thoscáirí agus de chainteoirí ó gach ceann de na hocht mBall-Údarás Riaracháin den Chomhairle ar an ócáid, agus iad ag déanamh ionadaíocht do réimsí difriúla de na hearnálacha poiblí agus pobail agus don lucht léinn.

Thug na hAirí an tuarascáil ar an gcomhdháil faoi deara agus chomhaontaigh siad an tuarascáil a chur ar fáil don phobal. Is féidir amharc ar an tuarascáil ar an gcomhdháil ar an rannán tuarascálacha de shuíomh Gréasáin Chomhairle na Breataine-na hÉireann: www.britishirishcouncil.org.

Cur i láthair ó Jeebin

Fuair na hAirí cur i láthair ó Phil Gawne thar ceann Jeebin, Líonra na Manainnise, le linn an chruinnithe freisin. Leagadh stair na Manainnise amach sa chur i láthair agus ceiliúradh ann an obair atá déanta ag gach duine atá taobh thiar den sárborradh faoin teanga.

Bliain Idirnáisiúnta Teangacha Dúchasacha UNESCO, 2019

D'fhógair na Náisiúin Aontaithe gur Bhliain na dTeangacha Dúchasacha a bheadh sa bhliain 2019 “chun feasacht a mhéadú ar ár dteangacha, ní amháin chun dul chun tairbhe do na daoine a labhraíonn na teangacha atá i gceist, ach chun daoine eile a chumasú tuiscint a ghnóthú ar an rannchuidiú tábhachtach a dhéanann na teangacha le héagsúlacht chultúrtha shaibhir an domhain”. Tugadh faoi deara gurb é ceann amháin de na gnéithe tábhachtacha de shainchúram na hearnála oibre Teangacha Dúchasacha, Mionlaigh agus Neamhfhorleathana ná foghlaim óna chéile agus na teangacha difriúla a úsáidtear ar na hoileáin seo a cheiliúradh. Thug na hAirí aird ar roinnt gníomhaíochtaí a ndeachaigh na Ball-Údaráis Riaracháin ina mbun le linn dóibh páirt a ghlacadh sa tionscnamh seo. Chomh maith leis sin, thug an tionscnamh bonn láidir dúinn do thuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar theangacha dúchasacha, mionlaigh agus neamhfhorleathana a chothú sa toadhcháil.

Obair amach anseo

Chomhaontaigh na hAirí go n-óstálfadh Geirsí an séú cruinniú Aireachta. I dteannta na ngealltanas atá leagtha amach thuas, rinne na hAirí breithniú ar thograí le haghaidh chlár oibre amach anseo na hearnála oibre Teangacha Dúchasacha, Mionlaigh agus Neamhfhorleathana. Agus aitheantas á thabhairt acu don tábhacht phríomhúil a bhaineann le húsáid teangacha dúchasacha, mionlaigh agus neamhfhorleathana a éascú i suíomhanna sóisialta, chomhaontaigh na hAirí gur cheart don earnáil oibre úsáid na dteangacha sin a chur chun cinn mar bhuanmhír dá cuid oibre. Chomhaontaigh siad gur cheart don earnáil díriú ar na nithe seo a leanas freisin:-

- Úsáid shóisialta teangacha (buanmhír);
- Na Luathbhlianta; agus
- Bonneagar/Teicneolaíocht/Tionchar Eacnamaíoch

Chomhaontaigh na hAirí gur thopaicí oibre an-spéisiúil iad sin agus gurbh fhiú breithniú a dhéanamh orthu. Bhí siad i bhfách leis na topaicí sin a úsáid mar bhonn do réimse oibre amach anseo, faoi réir comhaontú a fháil ón gComhairle ag an gcéad Chruinniú Mullaigh Eile. A luaithe a gheofar ceadú foirmiúil ón gComhairle, tabharfaidh an earnáil oibre tuairisc don chéad chruinniú eile de chuid na nAirí Teangacha Dúchasacha, Mionlaigh agus Neamhfhorleathana ar dhul chun cinn ina

leith sin.

Rúnaíocht Chomhairle na Breataine-na hÉireann

22 Samhain 2019

www.britishirishcouncil.org

**COMHAIRLE NA BREATAINE-NA hÉIREANN
AN EARNÁIL OIBRE TEANGACHA DÚCHASACHA, MIONLAIGH AGUS
NEAMHFHORLEATHANA**

Rialtas na Breataine Bige

Eluned Morgan AM, an tAire um Chaidreamh Idirnáisiúnta agus Breatnais

Rialtas Oileán Mhanann

Graham Cregeen MHK, an tAire um Oideachas, Spórt agus Cultúr

Rialtas na hAlban

Kate Forbes MSP, an tAire um Airgeadas Poiblí agus an Geilleagar Digiteach

Rialtas Gheansaí

An Teachta Rhian Tooley, Comhalta den Choiste um Oideachas, Spórt agus Cultúr

Rialtas Gheirsí

An Teachta Montfort Tadier, Aire Cúnta um Fhorbairt Gheilleagrach, Turasóireacht, Spórt agus Cultúr

Rialtas na hÉireann

Seán Kyne TD, Príomh-Aoire an Rialtais agus Aire Stáit don Ghaeilge, don Ghaeltacht agus do na hOileáin